# Treoir Ghearr maidir le Rialáil Dhigiteach

Coimisiún na Meán

## Cad é atá i gceist le Coimisiún na Meán?

Is é Coimisiún na Meán gníomhaireacht na hÉireann chun tírdhreach meán atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a fhorbairt agus a rialú. Is muidne an rialtóir meán neamhspleách atá freagrach as craoltóirí, soláthraithe físeán ar éileamh agus ardán ar líne atá lonnaithe in Éirinn a rialáil.

Táimid tiomanta do chearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus a chinntiú go gcuireann ár dtírdhreach meán le sochaí oscailte dhaonlathach. Tá cosaint an chirt chun saoirse cainte mar bhonn agus taca faoi gach réimse dár gcuid oibre.

Táimid freagrach as Creat Sábháilteachta ar Líne na hÉireann. Leis an gcreat tábhachtach seo, beidh seirbhísí digiteacha freagrach as an gcaoi a dtugann siad cosaint do dhaoine, go háirithe leanaí, ó dhíobháil ar líne.

Déanaimid maoirseacht ar rialáil seirbhísí craolacháin agus físeán ar éileamh in Éirinn. Áirítear lenár bhfeidhmeanna rialála Meáin na Seirbhíse Poiblí a rialáil, seirbhísí craoltóireachta a cheadúnú, gearáin ó lucht féachana agus ó éisteoirí a láimhseáil, agus na Cóid agus Rialacha a fhorbairt.

Tacaímid le hearnáil na meán in Éirinn trí réimse leathan gníomhaíochtaí chun cabhrú le hábhar a fhorbairt le haghaidh luchtanna féachana/éisteachta Éireannacha a léiríonn agus a mhúnlaíonn sochaí na hÉireann. Áirítear leis seo scéimeanna maoinithe, cur chun feidhme chláir foghlama agus forbartha earnála, agus oibriú le craoltóirí chun an comhionannas inscne, cothromas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht in earnáil meán na hÉireann a chur chun cinn go leanúnach.

## Céard is ComReg ann?

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

Is ionann ComReg agus an Coimisiún um Rialáil Cumarsáide. Is comhlacht poiblí neamhspleách muid atá freagrach as earnáil na cumarsáide leictreonaí a rialáil, lena n-áirítear fón agus leathanbhanda.

Tá réimse leathan freagrachtaí againn maidir le seirbhísí agus líonraí cumarsáide leictreonaí agus feidhmímid faoi Reachtaíocht na hÉireann agus AE. Cosnaímid tomhaltóirí agus cuirimid comhairle agus faisnéis neamhchlaonta agus cothrom ar fáil.

Déanaimid iarracht a chinntiú go gcaitheann do sholáthraí seirbhíse go cothrom leat trína chinntiú:

- go bhfuil tú ar an eolas maidir le do chearta tomhaltóirí;
- go bhfuil bearta i bhfeidhm do thomhaltóirí atá leochaileach agus faoi mhíchumas;
- go bhfuil próiseas láimhseála gearán so-úsáidte i bhfeidhm;
- go gcloíonn cleachtais na soláthraithe seirbhíse le dlíthe cosanta tomhaltóirí, ag glacadh le gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, nuair is gá.

Tá Uirlisí Tomhaltóirí cabhracha ar ár suíomh gréasáin freisin, lena n-áirítear: Seiceálaí Infhaighteachta Leathanbhanda, Léarscáil Clúdaigh Soghluaiste, agus Déan comparáid idir pleananna leathanbhanda agus gutháin.

## Céard é an CICT?

Tá CICT (an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí) freagrach as dlíthe maidir le hiomaíocht, cosaint tomhaltóirí agus sábháilteacht táirgí agus tá ról nua aige i rialáil dhigiteach agus sonraí.

**Siopadóireacht Ar Líne:** Cabhraímid le tomhaltóirí cinntí eolacha a dhéanamh le linn dóibh a bheith ag siopadóireacht ar líne, agus cinntímid go leanann áiteanna margaidh na rialacha, amhail faisnéis trádálaithe a bhailiú sular féidir leo earraí a dhíol ar a n-ardán. Gníomhaímid nuair a chuireann trádálaithe ar míthreoir tomhaltóirí nó nuair a dhéanann siad dúshaothrú orthu, nó nuair nach nochtann tionchairí meán sóisialta fógraí ina gcuid postálacha meán sóisialta. Déanaimid cearta do cheannacháin dhigiteacha amhail seirbhísí sruthaithe a fhorfheidhmiú freisin. Féach ar ár suíomh gréasáin le haghaidh tuilleadh faisnéise.

**Sábháilteacht táirgí:** Táimid freagrach as sábháilteacht táirgí tomhaltóirí neamhbhia, amhail bréagáin, trealamh leanaí agus gléasanna leictreacha ísealvoltais, lena n-áirítear earraí a ceannaíodh ar líne. Cuirimid tomhaltóirí ar an eolas maidir le táirgí mídhleathacha nó baolacha trínár mbunachar sonraí um tháirgí aisghairthe agus trínár gcainéil mheán sóisialta.

**Roinnt Sonraí agus Ardáin Chothroma ar Líne a Spreagadh:** Déanaimid monatóireacht ar roinnt sonraí cothrom agus deonach idir ghnólachtaí. Barr air sin, cuireann CICT timpeallacht intuartha agus cothrom chun cinn do thrádálaithe a úsáideann ardáin ar líne chun earraí nó seirbhísí a dhíol le tomhaltóirí. Bímid ag plé leis an gCoimisiún Eorpach nuair is gá maidir le fiosrúcháin a bhaineann le hardáin mhóra amhail cuideachtaí meán sóisialta. Beimid freagrach as a chinntiú gur féidir le húsáideoirí rochtain a fháil ar shonraí ó tháirgí nasctha amhail gléasanna cliste tí agus gur féidir leo na sonraí sin a roinnt.

CCPC
Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | Competition and Consumer Protection Commission

## Céard é an CCS?

Is é CCS (an Coimisiún um Chosaint Sonraí) an t-údarás náisiúnta cosanta sonraí in Éirinn. Táimid freagrach as a chinntiú go n-úsáideann cuideachtaí do shonraí pearsanta i gcomhréir le dlíthe cosanta sonraí.

Is é an dlí is iomráití a dhéanaimid a rialáil ná an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, nó **RGCS**.

Tá cumhachtaí againn freisin a bhaineann le creata rialála eile atá tábhachtach chomh maith lena n-áirítear na Rialacháin maidir le R-Príobháideachas in Éirinn (2011) agus an Treoir maidir le Cosaint Sonraí i Réimse Fhorfheidhmiú an Dlí.

## Céard a dhéanann CCS?

Díríonn CCS go sonrach ar chosaint do chuid sonraí pearsanta. Is ionann sonraí pearsanta agus faisnéis ar bith a chabhraíonn le duine fios a bheith acu cé tú féin, mar shampla, d'ainm iomlán, do sheoladh ríomhphoist, nó grianghraf nó físeán díot. Is féidir le faisnéis maidir lena gcuardaíonn tú ar líne nó na cineálacha postálacha a dtugann tú 'is maith liom' dóibh ar na meáin shóisialta a bheith i gceist leo fiú.

Áirítear le príomhthascanna CCS:

- gearáin ó dhaoine aonair a bhfuil cúiseanna imní acu maidir leis an gcaoi a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta in úsáid a láimhseáil;
- tabhairt faoi fhiosrúcháin agus fiosruithe maidir le cuideachtaí bheith ag cloí le dlíthe cosanta sonraí;
- comhoibriú a dhéanamh le húdaráis cosanta sonraí i mBallstáit eile AE;
- treoir a chur ar fáil d'eagraíochtaí, cuideachtaí agus an pobal maidir leis an dea-chleachtas sa chosaint sonraí.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Tá gearán agam – cé chuige a dtéim?

Coimisiún na Meán

Tá ár nIonad Teagmhála ar fáil chun comhairle a thabhairt do bhaill an phobail maidir le deacrachtaí a bhí acu ar ardán ar líne. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig **usersupport@cnam.ie** nó glaoch a chur ar an Ionad Teagmhála ag +353 1 9637755 (Luan-Aoine 8a.m. go 6p.m.).

- Má thagann tú ar ábhar mídhleathach nó díobhálach ar ardán, ba cheart duit an t-ábhar a thuairisciú don ardán atá i gceist ar dtús.
- Má fheiceann tú ábhar a chreideann tú a bheith ina bhagairt ar shaol nó ar shábháilteacht duine, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála ag 112.
- Samplaí den mhéid is féidir leat a thuairisciú do CNAM:
  - > ceisteanna maidir le teagmháil a dhéanamh le hardán, ábhar a thuairisciú d'ardán, nó gearán a dhéanamh le hardán;
  - > ceisteanna maidir le hábhar atá á bhaint, cuntais ar fionraí;
  - > ceisteanna maidir le fógraíocht ar líne;
  - > córais moltaí / sruthanna 'duitse';
  - > téarmaí agus coinníollacha an ardáin nach bhfuil cosaint leanaí mar chuid díobh.

Chun níos mó a fhoghlaim maidir lenar féidir leat a thuairisciú do Choimisiún na Meán, téigh le do thoil chuig ár suíomh gréasáin: **www.cnam.ie**

Bímid ag plé le réimse leathan ceisteanna lena n-áirítear:

An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide
Commission for Communications Regulation

- **Billeáil:** Ar gearradh táille ró-ard ort ar sheirbhís, nó ar ghearr dhá sholáthraí seirbhíse táille ort as an tseirbhís chéanna? Nó, ar billeáladh tú as seirbhís nach n-aithníonn tú?
- **Conarthaí:** An bhfuil fógra faighte agat go bhfuil do bhille ag ardú? Ar tugadh an praghas mícheart duit ar do chonradh nuair a shínigh tú suas?
- **Deacrachtaí seirbhíse:** Ar chaill tú seirbhís nó clúdach gutháin?
- **Aistriú:** An raibh moill ann agus tú ag aistriú chuig soláthraí nua? Ar chaill tú d'uimhir fóin agus an deacair duit é a fháil ar ais?

Ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim faoi chearta tomhaltóirí maidir le billeáil, conarthaí agus aistriú fóin agus leathanbhanda? Téigh chuig ár suíomh gréasáin **www.comreg.ie** le do thoil le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Tá Uirlisí Tomhaltóirí cabhracha ar ár suíomh gréasáin freisin, lena n-áirítear:

- **Seiceálaí Infhaighteachta Leathanbhanda**
- **Léarscáil Clúdaigh Soghluaiste**
- **Déan comparáid idir pleananna fóin, leathanbhanda agus teilifíse**



Cabhraíonn ár gcainéil líne cabhraí le tomhaltóirí a gcearta a thuiscint agus úsáidimid iad mar bhonn eolais dár bhfoirne forfheidhmithe agus abhcóideachta. Seo roinnt samplaí de ghearáin a fhaighimid:

- Cheannaigh mé táirge ar líne a chuaigh trí thine nuair a phlugáil mé isteach é. Céard ba cheart dom a dhéanamh?
- Cheannaigh mé teilifís ar líne agus níltear ag ligean dom é a thabhairt ar ais. Deir siad nach bhfuil sé briste agus, mar sin, nach gá dóibh glacadh leis. Céard iad na cearta atá agam?
- Teastaíonn uaim mo shíntiús ar líne a chur ar ceal ach rinneadh é a athnuachan go huathoibríoch. Céard is féidir liom a dhéanamh?
- Chonaic mé postáil ó thionchaire inar labhair sí faoi tháirge smididh a cheannaigh mé. Níor thuig mé go dtí ina dhiaidh sin gur léi féin an ghnólacht agus bhraith mé gur cuireadh an dallamullóg orm mar shíl mé gur fíorléirmheas a bhí ann. Céard is féidir liom a dhéanamh?
- Cheannaigh mé rud éigin ó áit mhargaidh ach ní fios dom cé hé an trádálaí agus níl aon sonraí ar an leathanach táirge ar líne. Cén chaoi ar féidir liom fáil amach cé leis is gá dul i dteagmháil?

CCPC
Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | Competition and Consumer Protection Commission

Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach ar na leathanaigh Cearta Tomhaltóirí agus Airgeadas Pearsanta ar ár suíomh gréasáin: **www.ccpc.ie/consumers**

Má chuaigh tú i dteagmháil le heagraíocht maidir le ceist a bhain le sonraí pearsanta agus mura bhfuil tú sásta leis an toradh, is féidir leat an cheist a ardú le CCS trínar bhfoirm ar líne nó trí ríomhphost a chur chuig **info@dataprotection.ie**.

Seo roinnt samplaí de ghearáin a fhaighimid:

- Lorg mé cóip den fhaisnéis ar fad fúm atá ag suíomh gréasáin a d'úsáid mé ach níl siad do mo fhreagairt – céard iad na cearta atá agam?
- Tá ríomhphoist mhargaíochta nár iarradh á bhfáil agam go leanúnach ó chuideachta, ach níor thug mé toiliú dóibh riamh teagmháil a dhéanamh liom. Rinne mé iarracht diúltú do ríomhphoist mhargaíochta ach tá an chuideachta á gcur chugam fós – céard is féidir liom a dhéanamh?
- Ba mhaith liom mo chuntas meán sóisialta agus na sonraí pearsanta gaolmhara ar fad a scriosadh – céard iad na cearta atá agam ina thaobh seo?
- Chuir club spóirt grianghraif de mo pháiste ar líne i ngan fhios dom – céard is féidir liom a dhéanamh faoi seo?
- Roinneadh mo chuid taifead leighis le hothar eile trí thimpiste – céard is féidir liom a dhéanamh faoi seo?

Téigh chuig **www.dataprotection.ie/ga** le haghaidh tuilleadh faisnéise.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission